# Plean Iniúchta 2026

## Faoi alt 146 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024



PCSA

Údarás Póilíneachta & Sábháilteachta Pobail

Policing & Community Safety Authority

# Forbhreathnú

Is é seo an chéad phlean iniúchta ón Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail. Leagtar amach ann na réimsí póilíneachta a ndéanfaimid iniúchadh orthu le linn na bliana 2026 agus tugtar tuairisc ann ar an gcaoi a ndéanfaimid ár n-iniúchtaí agus a dtuairisceoimid orthu.

## Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cé sinn | 1 |
| **2.** | Comhthéacs le haghaidh iniúchtaí a sheoladh | 3 |
| **3.** | Cumhachtaí chun iniúchtaí a sheoladh agus chun cigirí seirbhísí póilíneachta a cheapadh | 4 |
| **4.** | Ceanglas le haghaidh plean iniúchta | 5 |
| **5.** | Tosaíochtaí le haghaidh iniúchta a shainaithint | 6 |
| **6.** | Conas a dhéanfar iniúchtaí | 8 |
| **7.** | Tuarascálacha ar iniúchtaí | 12 |
| **8.** | Athbhreithniú ar an bPlean Iniúchta 2026 | 13 |

# 1 Cé sinn

## An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (an tÚdarás nó PCSA) an 2 Aibreán 2025 mar ghníomhaireacht reachtúil neamhspleách ar a bhfuil freagracht as formhaoirsiú a dhéanamh ar an nGarda Síochána.

Tá sé comhdhéanta d'Údarás ina bhfuil naonúr comhaltaí, a fhaigheann tacaíocht ó fhoireann Feidhmiúcháin atá faoi stiúir Príomhoifigigh Feidhmiúcháin. Is é an eagraíocht chomharba ar an Údarás Póilíneachta agus ar Chigireacht an Gharda Síochána é.

Faoi mar atá leagtha amach in alt 122(1) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, tá cuspóir PCSA mar a leanas:

> *"...formhaoirsiú agus measúnú a dhéanamh, ar mhodh neamhspleách trédhearcach, ar an nGarda Síochána do chomhlíonadh a fheidhme, is feidhm a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, d'fhonn tacú le soláthar éifeachtach na seirbhísí sin, agus le feabhas a chur ar na seirbhísí sin ar bhonn leanúnach, ar mhaithe le sábháilteacht an phobail."*

Is féidir leat tuilleadh faisnéise faoi PCSA agus faoinár gcuid oibre a léamh anseo.

PCSA

**Is í ár bhfís ná seirbhís póilíneachta atá gafa, éifeachtach agus ceartabhunaithe agus a chinntíonn sábháilteacht gach pobail.**

## Is iad seo a leanas ár gcuspóirí straitéiseacha don tréimhse 2026-2028:

- Formhaoirsiú comhsheasmhach agus measúnacht neamhspleách a sholáthar.
- Sábháilteacht pobail a chothú agus a chur chun cinn.
- A bheith inár nguth inchreidte, iontaofa, agus saineolach ar an bpóilíneacht.
- A bheith inár n-eagraíocht dhea-reáchtáilte agus éifeachtach.

## Oibreoimid ar bhealach:

- **A soláthróidh measúnuithe agus comhairle a bheidh cóir, macánta agus neamhspleách agus lena ndéanfar cothú agus cur chun cinn ar fheabhsuithe ar an bpóilíneacht**
- **A gcuirfidh eispéiris na bpobal, go háirithe eispéiris na ndaoine is leochailí, agus eispéiris phearsana an Gharda Síochána i gcroílár ár bhformhaoirsiúcháin**
- **A bheidh trédhearcach, oscailte agus cuntasach faoin dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre agus faoin bhfianaise a úsáidimid**
- **A gcomhoibreoidh le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara chun seirbhísí póilíneachta a fheabhsú agus chun sábháilteacht pobail a chur chun cinn chun leasa ár bpobal**
- **A gcinnteoidh go n-oibreoimid go héifeachtúil agus go gcomhlíonfaimid na caighdeáin is airde mar chomhlacht formhaoirsiúcháin, mar chomhlacht poiblí, agus mar fhostóir**

# 2 Comhthéacs le haghaidh iniúchtaí a sheoladh

Is é atá i bhformhaoirsiú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána ná téarma leathan a fholaíonn modhanna éagsúla le haghaidh faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána. Gné ríthábhachtach dár bhformhaoirsiú is ea obair iniúchta an Údaráis.

Áirítear iad seo a leanas leis na modhanna formhaoirsiúcháin a úsáideann PCSA:

- **Cruinnithe le Coimisinéir an Gharda agus lena fhoireann shinsearach**
- **Tuarascálacha scríofa agus faisnéis scríofa a lorg ón nGarda Síochána**
- **Feidhmíocht an Gharda Síochána a athbhreithniú, lena n-áirítear í aathbhreithniú i gcomórtas le Pleananna Straitéiseacha agus Pleananna Seirbhíse Bliantúla an Gharda Síochána agus leis na Tosaíochtaí Póilíneachta arna socrú ag PCSA**
- **Caidreamh a dhéanamh le rannáin, aonaid náisiúnta agus pearsanra an Gharda Síochána**
- **Caidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus le pobail ar fud na tíre**
- **Iniúchtaí a sheoladh agus faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme moltaí ag an nGarda Síochána**
- **Breathnú ar chruinnithe rialachais an Gharda Síochána**
- **Plé le hábhar agus tuarascálacha iomchuí arna dtáirgeadh ag tríú páirtithe**
- **Taighde a dhéanamh**

Déanann PCSA breithniú agus cinneadh neamhspleách ar an modh/na modhanna formhaoirsiúcháin is cuí le haghaidh na réimsí póilíneachta a scrúdaíonn sé.

# 3 Cumhachtaí chun iniúchtaí a sheoladh agus chun cigirí seirbhísí póilíneachta a cheapadh

Le halt 143 den Acht, tugtar de chumhacht do PCSA iniúchtaí a dhéanamh i ndáil le cibé gnéithe d'oibriú agus de riaradh an Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus is cuí leis. Ina theannta sin, ní mór do PCSA aon iniúchadh a iarrfaidh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (an tAire) a dhéanamh.

Cé gurb é PCSA amháin a dhéanfaidh formhór na n-iniúchtaí, foráiltear le halt 145 den Acht go bhféadfar iniúchtaí a dhéanamh i gcomhpháirt le comhlacht iniúchta forordaithe amháin nó níos mó freisin. Níl sé beartaithe ag PCSA faoi láthair aon iniúchtaí comhpháirteacha a dhéanamh sa bhliain 2026.

De réir alt 142 den Acht, rinne an tÚdarás baill foirne atá cáilithe go cuí a cheapadh mar chigirí seirbhísí póilíneachta chun críche iniúchtaí a sheoladh, agus leanfaidh sé de dhéanamh amhlaidh.

Leagtar amach in alt 147 na cumhachtaí atá ag cigire seirbhísí póilíneachta atá údaraithe chun iniúchadh a dhéanamh. Go háirithe, i gcás gur gá nó gur fóirsteanach é chun iniúchadh a dhéanamh, tá an chumhacht ag cigire chun:

(a) *dul isteach in ionad iomchuí tráth ar bith chun iniúchadh a dhéanamh ar aon ghné de riaradh nó d'oibriú an Gharda Síochána i ndáil le soláthar seirbhísí póilíneachta is iomchuí maidir leis an iniúchadh,*

(b) *a cheangal ar aon chomhalta de phearsanra an Gharda—*

- (i) *aon fhaisnéis a theastóidh le réasún ón gcigire seirbhísí póilíneachta chun críocha an iniúchta a sholáthar,*
- (ii) *aon doiciméid a bheidh faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin agus a theastóidh le réasún ón gcigire seirbhísí póilíneachta chun críocha an iniúchta a thabhairt ar aird dó nó di, agus*
- (iii) *míniú a thabhairt ar aon doiciméad a bheidh curtha ar fáil de bhun fhomhír (ii),*

(c) *aon doiciméad a bheidh curtha ar fáil dó nó di faoi mhír (b) a scrúdú agus cóipeanna a dhéanamh den doiciméad sin nó sleachta a thógáil as, nó an doiciméad a chur ar fáil i bhfoirm lena n-éascófaí é a thabhairt chun siúil as an ionad ina gcuirtear an doiciméad ar fáil,*

(d) *seilbh a ghlacadh ar aon doiciméad a bheidh curtha ar fáil dó nó di faoi mhír (b) atá, i dtuairim an chigire seirbhísí póilíneachta, iomchuí maidir leis an iniúchadh, agus, chun na gcríoch sin, é a thabhairt chun siúil agus é a choinneáil ina sheilbh nó ina seilbh go ceann tréimhse réasúnach,*

(e) *a cheangal ar aon duine in ionad iomchuí sonraí pearsanta a sholáthar más rud é, i dtuairim an chigire seirbhísí póilíneachta, go bhfuil an fhaisnéis sin iomchuí maidir leis an iniúchadh, agus*

(f) *cúnamh a fháil, nuair a bheidh cumhacht faoin alt seo á feidhmiú aige nó aici, ó cibé comhaltaí agus ó cibé líon comhaltaí d'fhoireann an Údaráis nó ó dhaoine atá faoi chonradh leis an Údarás nó atá fruilithe ag an Údarás de bhun alt 132(1) de réir mar is cuí leis nó léi.*

# 4 Ceanglas le haghaidh plean iniúchta

Faoi alt 146 den Acht, ceanglaítear ar an Údarás plean iniúchta a ullmhú agus a fhoilsiú.


Ní mór na nithe seo a leanas a leagan amach i bplean iniúchta:

- *na tosaíochtaí maidir le hiniúchtaí a dhéanamh, agus*
- *faisnéis i dtaobh conas a dhéanfar na hiniúchtaí sin ar mhodh—*
    - *a bheidh comhréireach, cuntasach agus trédhearcach, agus*
    - *a dhéanfaidh sláine agus oibiachtúlacht fhionnachtana na n-iniúchtaí sin a áirithiú.*


Leagtar amach i Rannán 5 conas a chinn an tÚdarás na réimsí tosaíochta le haghaidh iniúchta sa bhliain 2026, agus leagtar amach i Rannán 6 faisnéis maidir le conas a sheolfar iniúchtaí.

# 5 Tosaíochtaí le haghaidh iniúchta a shainaithint

Shainaithin PCSA roinnt réimsí féideartha le haghaidh iniúchta sa bhliain 2026, agus aird á tabhairt orthu seo a leanas:




Breithníodh roinnt critéar chun cabhrú leis na topaicí a roghnú agus a chur in ord tosaíochta. Ba iad sin:




1. Ba iad seo na comhairlithe: an Garda Síochána; Bord an Gharda Síochána; an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce; Fiosrú; an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail; an Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála; agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Mar thoradh air sin, cheadaigh an tÚdarás na réimsí seo a leanas de sheirbhísí póilíneachta lena n-iniúchadh sa bhliain 2026.

**Nósanna Imeachta an Gharda Síochána maidir le Láimhseáil Glaonna agus Freagairt ar Theagmhais – 'Réiteach gan Imscaradh' a úsáid**

In imthosca áirithe, féadfar teagmhas a thuairiscítear d'Ionad Rialaithe Réigiúnach de chuid an Gharda Síochána a réiteach gan acmhainní an Gharda Síochána a imscaradh, agus déantar é a chatagóiriú mar 'Réiteach gan Imscaradh'. Má sheoltar acmhainní an Gharda Síochána go míchuí chuig teagmhais a d'fhéadfaí a réiteach gan imscaradh, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le hinfhaighteacht laghdaithe le haghaidh glaonna a bhfuil tosaíocht níos airde ag baint leo nó le haghaidh cúraimí póilíneachta eile.

Is é cuspóir an iniúchta seo scrúdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as 'Réiteach gan Imscaradh' chun a chinntiú go n-úsáidtear é go cuí agus go comhsheasmhach i gcomhréir le beartas an Gharda Síochána.

**Bainistíocht riosca nuair atáthar faoi choimeád an Gharda Síochána**

Is é cuspóir an iniúchta seo scrúdú a dhéanamh ar chur chuige an Gharda Síochána i leith sainaithint, measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le daoine atá faoi choimeád an Gharda Síochána. San iniúchadh seo, díreofar ar na daoine sin atá faoi choimeád agus a d'fhéadfadh a bheith níos soghonta, lena n-áirítear iad siúd atá in anacair mheabhrach.

**Póilíniú coinníollacha bannaí ag an nGarda Síochána**

Is é cuspóir an iniúchta seo scrúdú a dhéanamh ar an méid a dhéantar coinníollacha bannaí a phóilíniú go réamhghníomhach agus go héifeachtach agus ar an gcaoi a ndéileálann an Garda Síochána le sáruithe.

**Bainistíocht agus stóráil samplaí bitheolaíocha ag an nGarda Síochána**

Is é cuspóir an iniúchta seo scrúdú a dhéanamh ar na socruithe le haghaidh samplaí bitheolaíocha a bhainistiú agus a stóráil. Déanfar measúnú ann i dtaobh an dtugtar cuntas cuí i samplaí agus an ndéantar iad a stóráil agus a thaifeadadh go cuí ar an gCóras Bainistíochta Maoine agus Foilseán, agus i dtaobh an gcuirtear na próisis i bhfeidhm go comhsheasmhach.

De bhreis ar iniúchtaí a sheoladh sa bhliain 2026, leanfaidh PCSA d'fhaireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i réimsí éagsúla seirbhísí póilíneachta trí úsáid a bhaint as a mhodhanna formhaoirsiúcháin eile.

# 6 Conas a dhéanfar iniúchtaí

I gcás go dtabharfaidh an tÚdarás breith iniúchadh a dhéanamh, ceanglaítear ar an Údarás le halt 143 den Acht na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- *raon feidhme agus téarmaí an iniúchta a shonrú i scríbhinn, agus*
- *cigire seirbhísí póilíneachta amháin nó níos mó a údarú i scríbhinn chun an t-iniúchadh a dhéanamh.*

A luaithe is indéanta tar éis an raon feidhme agus na téarmaí a ghabhann le hiniúchadh a shonrú, tabharfaidh an tÚdarás fógra i scríbhinn do Choimisinéir an Gharda i dtaobh an iniúchta.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san fhógra:

- *ráiteas faoi chineál agus sonraí na nithe a bheidh le hiniúchadh,*
- *raon feidhme agus téarmaí an iniúchta,*
- *cóip den údarú i scríbhinn le haghaidh cigire seirbhísí póilíneachta amháin nó níos mó chun an t-iniúchadh a dhéanamh, agus*
- *cibé faisnéis eile is dóigh leis an Údarás is cuí.*

Beidh an seoladh iniúchtaí bunaithe ar fheidhm an Gharda Síochána, mar atá leagtha amach in alt 9 den Acht, arb é atá ann seirbhísí póilíneachta agus seirbhísí slándála a sholáthar, lena n-áirítear leis an gcuspóir arb éard é cearta an duine atá ag gach duine aonair a chosaint agus a shuíomh.

Déanfar iniúchtaí ar mhodh a bheidh comhréireach, cuntasach agus trédhearcach, agus a dhéanfaidh sláine agus oibiachtúlacht fhionnachtana na n-iniúchtaí sin a áirithiú.

Tá dhá dhoiciméad thábhachtacha ann chun seoladh iniúchtaí a threorú. Is iad sin an meabhrán tuisceana ar chomhaontaigh an tÚdarás agus Coimisinéir an Gharda é, agus na prionsabail formhaoirsiúcháin ar fhorbair PCSA iad.

## Meabhrán tuisceana

De réir alt 148(1) den Acht, comhaontaíodh meabhrán tuisceana maidir le hiniúchtaí a sheoladh idir an tÚdarás agus Coimisinéir an Gharda. Leagtar amach sa mheabhrán tuisceana an modh ar a bhféadfar na cumhachtaí atá ag cigire seirbhísí póilíneachta a fheidhmiú, chun a chinntiú:

- *go ndéanfar iniúchtaí ar mhodh éifeachtúil éifeachtach;*
- *nach ndéanfaidh iniúchtaí dochar don Gharda Síochána do chomhlíonadh a fheidhmeanna;*
- *nach gcuirfidh iniúchtaí imscrúduithe coiriúla ná ionchúisimh choiriúla i mbaol; agus*
- *nach ndéanfaidh iniúchtaí dochar do shlánchoimeád duine atá faoi choimeád dleathach.*

Tá sé mar aidhm eile leis an meabhrán tuisceana a bheith ina chreat le haghaidh comhair agus cumarsáide idir na páirtithe i ndáil le hiniúchtaí a sheoladh, lena n-áirítear fógra a thabhairt faoi iniúchtaí, iarrataí ar fhaisnéis, cuairteanna gan réamhfhógra, rochtain ar chórais faisnéise an Gharda Síochána, agus conas a dhéanfar coimirciú ar fhaisnéis a fhaightear i ndáil le hiniúchadh.

Bunaithe ar raon feidhme agus téarmaí an iniúchta, déanfaidh na páirtithe comhaontú agus taifeadadh ar choimircí oiriúnacha agus sonracha maidir le rochtain bheartaithe nó fhéideartha ar chórais an Gharda Síochána, ar shonraí pearsanta agus/nó ar fhaisnéis íogair, i gcomhréir leis na forálacha sa Mheabhrán Tuisceana. Comhaontófar na coimircí sin sula dtosófar an ghníomhaíocht iniúchta. Féadfaidh na páirtithe na coimircí sin a athbhreithniú bunaithe ar cheanglais athraitheacha an iniúchta sin.

I gcás go mbeidh cuairteanna gan réamhfhógra a thabhairt ar limistéar gnó oibríochtúil nó ar limistéir ghnó oibríochtúla i gceist le hiniúchadh, déanfar an rún chun déanamh amhlaidh a chur in iúl i raon feidhme agus téarmaí an iniúchta, mar aon leis an tréimhse ama a bhfuiltear ag súil leis go seolfar obair allamuigh an iniúchta lena linn. Breithneofar an gá le cuairteanna gan réamhfhógra ag céim na pleanála de chuid gach iniúchta.

## Prionsabail formhaoirsiúcháin

Agus a ghníomhaíochtaí formhaoirsiúcháin á ndéanamh aige, treoraítear PCSA le roinnt croíphrionsabal, atá tarraingthe ón Acht agus ó Ráiteas Straitéise PCSA.

Tugtar brí do na prionsabail sin trí thuairisc shoiléir a bheith acu ar an dóigh a bhfeidhmíonn siad mar bhonn eolais faoi ghníomhaíochtaí formhaoirsiúcháin sa chleachtas. Leagtar amach sa chéad dá leathanach eile na ceithre phrionsabal agus an dóigh a gcuireann PCSA iad chun feidhme ina ghnáthobair laethúil.

| Prionsabal Formhaoirsiúcháin | Ár gcur chuige/an dóigh a ndéanaimid an méid sin |
|---|---|
| **Déantar an formhaoirsiú le hionracas agus le hoibiachtúlacht** | ■ Déanaimid caidreamh le pearsana an Gharda Síochána ag gach leibhéal san eagraíocht agus éistimid leo, ach déanaimid ár mbreithiúnais féin bunaithe ar ár measúnú gairmiúil ar an bhfianaise; |
| | ■ Glacaimid cur chuige struchtúrtha i leith fianaise a bhailiú agus a anailísiú, agus foinsí éagsúla faisnéise á gcur sa mheá go cúramach againn agus muid ag teacht ar bhreithiúnais; |
| | ■ Déanaimid ár ndícheall cumarsáid a dhéanamh go neamhchlaonta agus go hoibiachtúil, agus claontacht a sheachaint in úsáid teanga nó i gcur i láthair; |
| | ■ Cuirtear tuarascálacha ar fáil don Gharda Síochána sula bhfoilsítear iad chun na fíorais a sheiceáil agus chun na críche sin amháin; |
| | ■ Cuirimid comhairle neamhchlaonta oibiachtúil ar fáil don Aire, i gcás gur cuí; agus |
| | ■ Foghlaimímid ó thaithí, agus measúnú á dhéanamh againn ar thionchar ár gcuid oibre, agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar nósanna imeachta inmheánacha um dhearbhú cáilíochta chun ár n-éifeachtacht a fheabhsú. |
| **Bíonn an formhaoirsiú comhréireach, cuntasach agus trédhearcach** | ■ Cuirimid próiseas cothrom measúnachta i gcrích chun réimsí tosaíochta le haghaidh formhaoirsiúcháin a shainaithint, agus obair comhlachtaí eile á cur san áireamh againn; |
| | ■ Cinntímid nach n-iarraimid ach an fhaisnéis a mheastar is gá le haghaidh formhaoirsiú éifeachtach, agus go n-úsáidimid am PCSA agus am an Gharda Síochána go héifeachtúil; |
| | ■ Tugaimid aird chuí le linn dúinn ár ngníomhaíochtaí a dhéanamh ionas nach ndéanfar dochar don Gharda Síochána do chomhlíonadh a fheidhmeanna; |
| | ■ Táimid oscailte le páirtithe leasmhara agus leis an nGarda Síochána faoinár gcuid próiseas agus torthaí; |
| | ■ Bíonn ár bhfoilseacháin bunaithe ar fhianaise agus tugtar iontu réasúnaíocht shoiléir is bun leis na conclúidí a dtagaimid orthu; |
| | ■ Caithimid go cúramach leis an bhfaisnéis a bhailímid chun tacú lenár gcuid oibre formhaoirsiúcháin. Nuair is gá, cosnaímid rúndacht na faisnéise sin, mar a cheanglaítear le dlí; agus |
| | ■ Tionólaimid ceithre chruinniú ar a laghad le Coimisinéir an Gharda go poiblí gach bliain. Déantar na cruinnithe sin a bheoshruthú freisin chun an inrochtaineacht phoiblí a uasmhéadú. |

| Prionsabal Formhaoirsiúcháin | Ár gcur chuige/an dóigh a ndéanaimid an méid sin |
|---|---|
| **Dírítear ar chearta an duine agus ar chomhionannas san fhormhaoirsiú** | ■ Tá breithniúcháin maidir le cearta an duine agus le comhionannas ina gcuid lárnach d'fhorbairt Chreat Formhaoirsiúcháin agus Phlean Iniúchta PCSA; |
| | ■ Déantar measúnú i ngach formhaoirsiú, i gcás gurb iomchuí, ar an méid a sheasann an Garda Síochána le cearta an duine agus le comhionannas agus ar an méid a shuíonn sé iad; |
| | ■ Cinntímid go gcloisimid raon éagsúil guthanna agus tuairimí inár gcuid oibre for-rochtana agus caidrimh agus go n-éistimid leo sin; agus |
| | ■ Bíonn oiliúint chuí agus ábhartha i gcearta an duine agus i gcomhionannas faighte ag gach ball foirne atá bainteach leis an bhformhaoirsiú, agus is féidir leo a léiriú go gcuireann siad cearta an duine agus comhionannas san áireamh ina gcuid oibre i gcomhthéacs na póilíneachta agus na sábháilteachta pobail. |
| **Tacaíonn an formhaoirsiú le muinín as póilíneacht agus le hiontaoibh aisti** | ■ Déanaimid caidreamh le pobail éagsúla chun a chinntiú go gcuirimid ar áireamh inár bhformhaoirsiú na réimsí póilíneachta sin a mbíonn an tionchar is mó acu ar mhuinín agus ar iontaoibh; |
| | ■ Úsáidimid léargais ó obair for-rochtana le pobail agus le páirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoinár gcaidreamh leis an nGarda Síochána agus faoinár measúnú air; |
| | ■ Bíonn ár measúnuithe bunaithe ar fhianaise, láidir agus neamhchlaonta, agus bíonn sé mar aidhm leo dearbhú a thabhairt don phobal go mbíonn formhaoirsiú éifeachtach á déanamh ar an nGarda Síochána ar mhodh neamhspleách agus trédhearcach; agus |
| | ■ Coinnímid an pobal ar an eolas faoinár gcuid oibre agus cuirimid torthaí ár bhformhaoirsiúcháin in iúl ar mhodh inrochtana, agus úsáid á baint as teanga shoiléir ghonta. |

# 7 Tuarascálacha ar iniúchtaí

A luaithe a bheidh iniúchadh críochnaithe, ullmhófar tuarascáil iniúchta a bhféadfadh moltaí le haghaidh aon ghníomh a mheasfaidh an tÚdarás is gá a bheith inti.

Ceanglaítear ar an Údarás le halt 149 den Acht tuarascáil iniúchta a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda agus faoi bhráid an Aire agus ansin í a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin PCSA. Más cuí, féadfar aon ní a eisiamh as tuarascáil fhoilsithe, is ní a bhféadfaí go n-éascófaí leis cion a dhéanamh, a d'fheadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó a d'fhéadfadh sábháilteacht aon duine a chur i mbaol.

De réir alt 149, a luaithe a bheidh tuarascáil iniúchta curtha faoi bhráid an Choimisinéara, iarrfaidh an tÚdarás ar an gCoimisinéir freagra i scríbhinn a thabhairt ina leagfar amach an breithniú atá déanta aige nó aici ar an tuarascáil agus na gníomhartha (más ann) atá beartaithe aige nó aici a dhéanamh i ndáil léi.

# 8 Athbhreithniú ar an bPlean Iniúchta 2026

Coimeádfaidh an tÚdarás an plean iniúchta seo faoi athbhreithniú agus féadfaidh sé é a athrú i bhfianaise faisnéise suntasaí nua nó éirithí, nó mar thoradh ar iarraidh ón Aire.

PCSA

Údarás Póilíneachta
& Sábháilteachta Pobail

Policing & Community
Safety Authority